Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2010**

# Staidéir Ghnó

## Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

## An Gnó Iomaíoch

**[AT111]**

AT111

**DÉ MÁIRT 12 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair an **dá** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** codanna **(c)**, **(d)** agus **(e)** agus i gceist **2** codanna **(c)**, **(d)** agus **(e)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am a chaitear ar gach ceist nó ar chuid de cheist a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul don cheist nó don chuid sin.

1 Déan staidéar ar an fhaisnéis anseo thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Beidh éileamh ar 3T amach anseo, dar le déantóirí teilifíseán**




Sna blianta beaga amach anseo beidh Panasonic, an grúpa leictreonaice tomhaltais, ag brath ar an teilifíseán tríthoiseach (3T) le cur lena fhás arís ar mhargaí na hEorpa. Tá seo amhlaidh in ainneoin an cor chun donais ar chaiteachas tomhaltóirí agus fosta in ainneoin go bhfuil teilifíseán costasach le scáileán painéil réidh ceannaithe cheana féin ag cuid mhór tomhaltóirí. Ar thaispeántas leictreonaice tomhaltais i mBeirlín, thuar Fumio Ohtsubo, Uachtarán Panasonic, gur díolacháin teilifíseáin 3T a bheadh freagrach as suas le 30 faoin chéad de chuid díolacháin teilifíseáin Panasonic taobh istigh de thrí bliana eile.

Mhaígh an tUachtarán, ós rud é go bhfuil an titim in éileamh na dtomhaltóirí fud fad na hEorpa tagtha chun deiridh anois, gur seo an t-am leis an teicneolaíocht nua a chur chun cinn go tréan. Arsa sé “Tá réim na hanalóige caite agus is é an teilifíseán digiteach atá i réim anois. Is é an painéal réidh seachas an ‘painéal donn’ atá i réim agus **tá an saolré táirge ag éirí níos gairide**.” Thug sé neamhaird chomh maith ar an bhuairt nach mbeadh éileamh ar theilifíseáin 3T ach sna **nideoga margaidh**, amhail lucht leanúna spóirt nó imreoirí físchluichí, agus é a mhaíomh nach fada go mbeidh sí ina teicneolaíocht ollmhargaidh. “Is é 3T Ardghléine an chéim dheiridh, nó an réabhlóid.”

Is ar rath 3T atá Panasonic ag brath agus é ag beartú a sciar den mhargadh a fháil ar ais i ndiaidh do Samsung agus LG, na hiomaitheoirí aige sa Chóiré Theas, é a ghlacadh. Is iad seo an déantóir teilifíseán is mó agus an dara déantóir teilifíseán is mó ar domhan. Tá Panasonic in iomaíocht chomh maith le Sony, an t-iomaitheoir aige sa tSeapáin. D’infheistigh sé, fiú, i bhfo-aonad in Hollywood agus tá sé ag obair ar theicneolaíocht 3T nua i gcomhar le stiúideonna agus stiúrthóirí scannán.

*© The Times 09 2009 – Adapted from “Avatar points way ahead as television manufacturers see future in 3D” by Nic Fildes*

**(a)** Mínigh a thábhachtaí atá sciar an mhargaidh do ghnólacht amhail Panasonic. [4]

**(b)** Scríobh cuntas gearr ar a bhfuil i gceist leis an téarma saolré táirge. [4]

**(c)** Déan anailís ar na himpleachtaí a bheidh ann do Panasonic as saolré táirge níos gairide a bheith ag teilifíseáin. [8]

**(d)** Pléigh cé acu ba chóir do Panasonic an teilifíseán 3T nua a dhíriú ar nideog mhargaidh nó nár chóir. [12]

**(e)** Meas na buntáistí agus na míbhuntáistí atá ann do dhéantóir teilifíseán amhail Panasonic, as earraí a tháirgeadh ar mhórscála. [12]

**2** Déan staidéar ar an fhaisnéis anseo thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:

**HugX Tta**



Ar thug tú faoi deara riamh a dheacra atá sé do mhadraí agus do chait bheith ag ithe as an bhabhla cothúcháin acu? Thug Jane Grant, Stiúrthóir Bainistíochta HugX Tta é seo faoi deara. Mar gheall air seo, shainaithin sí deis sa mhargadh agus thosaigh sí ar an bhabhla uiríseal peata a athrú ina tháirge ardnuálach, ina tháirge is sláintí agus is faiseanta dá bhfuil cuid mhór orduithe ar easpórtálacha faighte cheana féin aici ó SAM, ón Mheánoirthear, ón tSeapáin agus ón Eoraip.

Tá cuma ar leith ar an bhabhla nuadheartha aici, tá réimse dathanna agus méideanna difriúla ar fáil agus baineann roinnt gnéithe leis a fhágann gur fusa don pheata a bheith ag ithe as. Tá sé claonta ar 32.5 céim, mar shampla, sa dóigh go mbíonn an bia a bogadh i gcónaí isteach go lár an bhabhla agus tá cosa rubair faoi a fhágann go bhfuil sé níos cobhsaí. Déantar as alúmanam ardghráid é sa dóigh nach dtiocfaidh meirg air. Bhain an babhla duais ardcháile ar na mallaibh ón Pet Product News International Magazine atá lonnaithe i Meiriceá.

Tá £49.99 ar bhabhla HugX agus tá sé dírithe, dar le Jane, "ar mhargadh sofaisticiúil a bhfuil ardioncam indiúscartha ann." Tá leagan a bhfuil stodaí diamaint ann ar díol ar £495. An **plean margaíochta** atá ag Jane, áfach, tá fairsingiú beartaithe ann trí tháirge is saoire a chur ar fáil taobh amuigh de na deighleoga margaidh atá ann faoi láthair. Le go n-éireoidh leis an ghnólacht, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an **meascadh margaíochta** ceart. Faoi láthair, díoltar na babhlaí le custaiméirí ardíomhá in Selfridges, stór ilrannach uasmhargaidh ar Shráid Oxford, Londain, ar long chúrsála an Queen Mary, ar longa Royal Caribbean agus i siopaí aerfoirt in Dubai agus Bahrain. Is féidir iad a cheannach ar líne chomh maith.

Tá Jane iontach sásta leis an dóigh ar éirigh le HugX Tta. Déantar na brabúis uile a athinfheistiú leis an táirge agus an ghnólacht a fhorbairt. "Tá sé go hiontach aiseolas a fháil ó úinéirí ar aoibhinn leo an táirge seo agus spreagann sé mé na smaointe eile againn a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaighidh gach peata fíor-HugX."

*Arna chur in oiriúint ó www.belfasttelegraph.co.uk/business/small-business-can/animal-feeding-frenzy-14467225.html, www.fyini.com/pages/viewstory.asp?item ID=230, Fashion or Function? www.fundogfashion.com/articles/hugx_dog_bowl.html, www.hometone.org/entry/hugx-dog-bowl-takes-ergonomics-to-canine-level, agus www.hugxpetdesign.com/*

**(a)** Mínigh **dhá** fháth ar chóir do HugX Tta taighde margaidh a dhéanamh. [4]

**(b)** Mínigh, agus tagairt á déanamh agat do HugX Tta, cad é a chiallaíonn an téarma meascadh margaíochta. [4]

**(c)** Déan anailís ar an fháth arb é £49.99 an babhla an praghas díola a shocraigh HugX Tta. [8]

**(d)** Meas na buntáistí agus na míbhuntáistí do HugX Tta as bheith ag feidhmiú mar chomhlacht príobháideach teoranta. [12]

**(e)** Pléigh a úsáidí atá sé plean margaíochta a ullmhú i gcás gnólachta amhail HugX Tta. [12]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.